Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Nollaig 2017**
**(OR. en)**

**15962/17**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0347 (COD)**

**ENER 527**
**CODEC 2135**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Nollaig 2017 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2017) 769 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE Lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 256/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fógra a thabhairt don Choimisiúin faoi thionscadail infheistíochta sa bhonneagar fuinnimh laistigh den Aontas Eorpach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2017) 769 final ón gCoimisiún.

---

Faoi iamh: COM(2017) 769 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.12.2017
COM(2017) 769 final

2017/0347 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**Lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 256/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fógra a thabhairt don Choimisiúin faoi thionscadail infheistíochta sa bhonneagar fuinnimh laistigh den Aontas Eorpach**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Cuirtear an togra seo lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 256/2014 ("an Rialachán") ar aghaidh i gcomhthéacs an Chláir um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála de chuid an Choimisiúin agus i gcomhthéacs a ghealltanais maidir le rialáil níos fearr. Is é is aidhm dó a áirithiú go mbeidh creat reachtach ardchaighdeáin ann atá oiriúnach dá fheidhm, mar a luaitear sa Chomhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[1]. Shainaithin an Coimisiún nach raibh an Rialachán sin oiriúnach dá fheidhm níos mó agus molann sé gur ceart é a aisghairm.

An 26 Feabhra 2014, glacadh Rialachán (AE) Uimh. 256/2014 maidir le fógra a thabhairt don Choimisiún i ndáil le tionscadail infheistíochta i mbonneagar fuinnimh laistigh den Aontas Eorpach chun a áirithiú go ndéanfaí forbairt ar bheartas fuinnimh an Aontais ar shlí éifeachtach agus go ndéanfadh sé riar ar fhíor-riachtanais an Aontais. Chun tacú leis an Rialachán sin, glacadh Rialachán cur chun feidhme (AE) Uimh. 1113/2014 ón gCoimisiún an 16 Deireadh Fómhair 2014 lena leagtar amach foirm agus sonraí teicniúla an fhógra dá dtagraítear in Airteagal 3 agus in Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 256/2014[2].

Bunaithe ar Airteagal 194 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, cuireadh de cheangal ar na Ballstáit le Rialachán (AE) Uimh. 256/2014 agus le Rialachán cur chun feidhme (AE) Uimh. 1113/2014 ón gCoimisiún fógra a thabhairt don Choimisiún i dtaobh tionscadail infheistíochta a bhfuil tús curtha le hobair thógála nó le hobair dhíchoimisiúnaithe nó a bhfuil cinneadh deiridh infheistíochta déanta ina leith. Ba é an aidhm a bhí leis sin go mbeadh rochtain ag an gCoimisiún ar shonraí agus ar fhaisnéis faoi fhorbairtí beartaithe ar acmhainní táirgthe, tarchuir agus stórála agus faoi thionscadail sna hearnálacha fuinnimh éagsúla a bhfuil leas ag an Aontas iontu agus atá tábhachtach do bheartais fuinnimh agus infheistíochta san am atá romhainn.

Dá bhrí sin, ba é aidhm an Rialacháin léargas foriomlán a thabhairt don Choimisiún ar fhorbairt na hinfheistíochta i mbonneagar fuinnimh an Aontais sa dóigh is go bhféadfadh sé a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh ar bhealach níos fearr i réimse an fhuinnimh.

Bhí na hoibleagáidí faoin Rialachán sin i bhfeidhm cheana féin faoi Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 617/2010 ón gComhairle an 24 Meitheamh 2010 maidir le fógra a thabhairt don Choimisiún faoi thionscadail infheistíochta sa bhonneagar fuinnimh laistigh den Aontas Eorpach lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 736/96[3]. Chuir an Chúirt Bhreithiúnais Rialachán Uimh. 617/2010[4] ón gComhairle ar neamhní mar gheall ar a bhunús dlí mícheart, ach bhí a éifeachtaí i bhfeidhm fós go dtí gur glacadh Rialachán (AE) Uimh. 256/2014.

---

1 Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr**.** IO L 123, 12.5.2016, lgh. 1-14

2 IO L 302, 22.10.2014, lch. 26.

3 IO L 180, 15.7.2010, lch. 7.

4 Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 6 Meán Fómhair 2012 i gCás C-490/10, an Pharlaimint v an Chomhairle (2012 ECR I-0000).

Bhí ar na Ballstáit trí bheart tuairiscithe (2011, 2013 agus 2015) a dhéanamh ó cuireadh na hoibleagáidí faoin Rialachán sin, agus faoi Rialachán Uimh. 617/2010 ón gComhairle a glacadh roimhe sin, i bhfeidhm. Dá bhrí sin, tá go leor ama caite le gur féidir leis an gCoimisiún anailís chriticiúil atá bunaithe ar fhianaise a dhéanamh i dtaobh ar baineadh na torthaí amach lena rabhthas ag súil de bharr an Rialacháin.

## 2. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex-post*, oiriúnacht rialála agus simpliú**

D'ordaigh an Coimisiún go ndéanfaí trí staidéar sheachtracha tar éis na dtrí bheart tuairiscithe de chuid na mBallstát a rinneadh faoin Rialachán sin agus faoin Rialachán a glacadh roimhe sin. I bhfianaise na dtorthaí sin, rinne an Coimisiún athbhreithniú in 2016 ar Rialachán (AE) Uimh. 256/2014 i gcomhréir le hAirteagal 11 den Rialachán féin. Ba chuid de sheiceáil oiriúnachta é sin a rinneadh ar bhonn níos forleithne lenar cumhdaíodh na hoibleagáidí pleanála agus tuairiscithe faoi chorpas reachtaíochta an fhuinnimh. D'fhoilsigh an Coimisiún i Samhain 2016[5] é mar aon lena thogra le haghaidh Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh[6].

Sa chleachtadh sin, léiríodh an méid seo a leanas:

1. Bhí forluí suntasach ann idir oibleagáidí tuairiscithe faoin Rialachán sin agus oibleagáidí maidir le tuairisciú do ENTSO-E[7] agus ENTSO-G[8], gan ach beagán luacha ná luach ar bith de bharr oibleagáidí faoin Rialachán sin.
2. Is féidir formhór na faisnéise sin arna tabhairt ag na Ballstáit faoin Rialachán sin a fháil go héasca ó fhoinsí eile: ENTSOnna (An Líonra Eorpach um Oibreoirí Córais Tarchurtha), TYNDPanna (pleananna forbartha líonraí le haghaidh deich mbliana), na tuarascálacha bliantúla ó na hOibreoirí Córais Tarchurtha agus ó chuideachtaí fóntais, pleananna forbartha earnála náisiúnta (e.g. pleananna gníomhaíochta maidir le fuinneamh in-athnuaite), etc. Ina theannta sin, bailíonn an Coimisiún faisnéis faoin margadh go rialta trína Chóras Breathnóireachta ar Mhargadh an Fhuinnimh (EMOS).
3. Sna trí chleachtadh ar fad a rinneadh, níor chumhdaigh na sonraí a bailíodh ach thart ar an leathchuid d'earnáil fuinnimh an Aontais.
4. Mar gheall ar na deacrachtaí bunúsacha a bhain le cuid de cheanglais an Rialacháin a chur chun feidhme, go háirithe maidir le faisnéis atá le tabhairt faoi acmhainn san am atá romhainn, baineadh an bonn ó na trí bheart tuairiscithe a rinneadh.

---

5 Doiciméad Inmheánach Oibre (2016) 396 final. http://ec.europa.eu/energy/sites/ener/files/documents/1_en_autre_document_travail_service_part1_v4.pdf

6 COM/2016/0759 final/2 - 2016/0375 (COD). Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh, lena leasaítear Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Rialachán (CE) Uimh. 663/2009, Rialachán (CE) Uimh. 715/2009, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2009/119/CE ón gComhairle, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE, Treoir 2013/30/AE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013.

7 An Líonra Eorpach um Oibreoirí Córais Tarchurtha Leictreachais

8 An Líonra Eorpach um Oibreoirí Córais Tarchurtha Gáis

Dá bharr sin, ba é conclúid an Choimisiúin nár baineadh amach na torthaí lena rabhthas ag súil i Rialachán (AE) Uimh. 256/2014. Ba cheart, dá bhrí sin, a mholadh go ndéanfaí é a aisghairm.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Mar chuid d'obair ullmhúcháin an togra le haghaidh tionscnamh reachtach maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh[9], chuir an Coimisiún comhairliúchán cuimsitheach i gcrích chun tuairimí agus aiseolas ó pháirtithe leasmhara, saoránaigh agus na Ballstáit a bhailiú. Cuireadh an cheist sa chomhairliúchán cén chaoi a bhféadfaí feabhas a chur ar na socruithe pleanála agus tuairiscithe atá ann cheana i réimse an fhuinnimh chun riar ar chuspóirí Aontas an Fhuinnimh agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú.

Cuireadh an comhairliúchán poiblí ar bun an 11 Eanáir 2016, mhair sé níos faide ná 12 sheachtain agus dúnadh an 22 Aibreán 2016 é. Baineadh úsáid as na freagraí sin sa mheastóireacht agus sa tseiceáil oiriúnachta a rinne an Coimisiún ar na hoibleagáidí pleanála agus tuairiscithe atá ann cheana agus sa mheasúnú tionchair freisin a rinneadh ar a thogra reachtach maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh.

De réir fhreagróirí an chomhairliúcháin, sainaithníodh na hoibleagáidí faoi Rialachán (AE) Uimh. 256/2014 mar oibleagáidí a d'fhéadfaí a aisghairm[10].

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

Aisghairtear leis an togra Rialachán (AE) Uimh. 256/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le fógra a thabhairt don Choimisiúin faoi thionscadail infheistíochta sa bhonneagar fuinnimh laistigh den Aontas Eorpach agus a chuirtear in ionad Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 617/2010 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 736/96 ón gComhairle.

Tá bunús dlí Rialachán (AE) Uimh. 256/2014, eadhon, Airteagal 194 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, faoi réir an ghnáthnós imeachta reachtaigh. Dá bhrí sin, molann an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an Rialachán sin a aisghairm.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Bhí impleachtaí buiséadacha an-teoranta ag an Rialachán ar chaiteachas ar theicneolaíocht na faisnéise, sonraí a cheannach agus saineolaithe a aisíoc. Ní rabhthas ag súil le haon tionchar mór díreach ar bhuiséid na mBallstát ach an oiread.

Tar éis aisghairm an Rialacháin sin, cuirfear deireadh leis an gcaiteachas teoranta a bhaineann leis. Beidh sé ina chuidiú chun cuíchóiriú a dhéanamh ar úsáid acmhainní an Choimisiúin agus na mBallstát trí na hoibleagáidí dúbailte tuairiscithe atá ann a

9 COM/2016/0759 final/2 - 2016/0375 (COD). Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh, lena leasaítear Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Rialachán (CE) Uimh. 663/2009, Rialachán (CE) Uimh. 715/2009, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2009/119/CE ón gComhairle, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE, Treoir 2013/30/AE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013.

10 Féach ibid. *SWD(2016) 396 final, lch. 118.*

bhaint agus sonraí a phróiseáil a cuireadh ar fáil trí fhoinsí eile atá ar cháilíocht níos airde.

2017/0347 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**Lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 256/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fógra a thabhairt don Choimisiúin faoi thionscadail infheistíochta sa bhonneagar fuinnimh laistigh den Aontas Eorpach**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 194 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[11],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[12],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tá dearbhaithe ag Parlaimint na hEorpa, ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus ag an gCoimisiún Eorpach araon i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016[13] go bhfuil siad tiomanta don reachtaíocht a nuashonrú agus a shimpliú.

(2) Chun méid na reachtaíochta a laghdú agus slacht a chur uirthi, ní mór an reachtaíocht sin atá imithe i léig agus nach bhfuil oiriúnach dá feidhm níos mó a shainaithint. Is maith mar a fhónann sé an reachtaíocht sin a aisghairm d'fhonn an creat reachtach a choinneáil trédhearcach, soiléir agus so-úsáidte.

(3) Cuireadh de cheangal ar na Ballstáit le Rialachán (AE) Uimh. 256/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14] fógra a thabhairt don Choimisiún i dtaobh tionscadail infheistíochta a bhfuil tús curtha le hobair thógála nó le hobair dhíchoimisiúnaithe nó a bhfuil cinneadh deiridh infheistíochta déanta ina leith.

(4) Bhí na hoibleagáidí faoi Rialachán (AE) Uimh. 256/2014 maidir le fógra a thabhairt don Choimisiún faoi thionscadail infheistíochta agus faisnéis agus sonraí áirithe a

[11] IO C […], […], lch. […].
[12] IO C […], […], lch. […].
[13] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.
[14] Rialachán (AE) Uimh. 256/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le fógra a thabhairt don Choimisiún faoi thionscadail infheistíochta sa bhonneagar fuinnimh laistigh den Aontas Eorpach agus a chuirtear in ionad Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 617/2010 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 736/96 ón gComhairle (IO L 84, 20.3.2014, lch. 61).

bhaineann leo ann cheana faoi Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 617/2010[15]. Chuir an Chúirt Bhreithiúnais Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 617/2010[16] ar neamhní mar nach raibh bunús dlí ceart leis, ach bhí a éifeachtaí i bhfeidhm fós go dtí gur glacadh Rialachán Uimh. 256/2014.

(5) Ba é an aidhm a bhí leis an gcreat reachtach roimhe seo sonraí agus faisnéis a thabhairt don Choimisiún faoi fhorbairtí beartaithe ar acmhainní táirgthe, tarchuir agus stórála agus faoi thionscadail sna hearnálacha fuinnimh. Bhí sé beartaithe léargas foriomlán a thabhairt don Choimisiún ar fhorbairt na hinfheistíochta i mbonneagar fuinnimh an Aontais.

(6) Rinneadh trí bheart tuairiscithe ó cuireadh na hoibleagáidí i bhfeidhm faoi Rialachán (AE) Uimh. 256/2014 agus Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 617/2010 (in 2011, 2013 agus 2015). Ina theannta sin, d'ordaigh an Coimisiún go ndéanfaí trí staidéar sheachtracha tar éis na dtrí bheart tuairiscithe de chuid na mBallstát a rinneadh faoi Rialachán (AE) Uimh. 256/2014. Dá bharr sin, tá go leor ama caite agus fuarthas taithí leordhóthanach le go raibh an Coimisiún in ann anailís chriticiúil atá bunaithe ar fhianaise a dhéanamh i dtaobh ar baineadh na torthaí amach lena rabhthas ag súil de bharr an Rialacháin.

(7) In 2016, rinne an Coimisiún an t-athbhreithniú dá bhforáiltear in Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 256/2014, lena n-áirítear comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara inar cumhdaíodh na hoibleagáidí pleanála agus tuairiscithe go léir san earnáil fuinnimh. Ba é conclúid an Choimisiúin go raibh forluí suntasach ann idir oibleagáidí tuairiscithe faoi Rialachán (AE) Uimh. 256/2014 agus na hoibleagáidí maidir le tuairisciú do na hOibreoirí Córais Tarchurtha Fuinnimh ENTSO-E agus ENTSO-G. Bhí sé soiléir freisin gur mhinic go raibh cáilíocht agus oiriúnacht na faisnéise agus na sonraí a fuarthas ar chaighdeán íseal, agus gur cuireadh an fhaisnéis agus na sonraí sin ar fáil don Choimisiún trí fhoinsí eile, amhail ENTSOnna (An Líonra Eorpach um Oibreoirí Córais Tarchurtha Leictreachais), TYNDPanna (pleananna forbartha líonraí le haghaidh deich mbliana), na tuarascálacha bliantúla ó na hOibreoirí Córais Tarchurtha agus ó chuideachtaí fóntais, pleananna forbartha náisiúnta, etc. Ina theannta sin, tugadh ar aird freisin go raibh rochtain dhíreach ag an gCoimisiún ar shonraí margaidh trína Chóras Breathnóireachta ar Mhargadh an Fhuinnimh (EMOS).

(8) Dá bhrí sin, níor baineadh na torthaí amach lena rabhthas ag súil i Rialachán (AE) Uimh. 256/2014 i dtéarmaí chainníocht, cháilíocht agus oiriúnacht na sonraí agus na faisnéise a fuair an Coimisiún.

(9) Dá bharr sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 256/2014 a aisghairm.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 256/2014.

---

15 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 617/2010 ón gComhairle an 24 Meitheamh 2010 maidir le fógra a thabhairt don Choimisiún faoi thionscadail infheistíochta sa bhonneagar fuinnimh laistigh den Aontas Eorpach lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 736/96 (IO L 180, 15.7.2010, lch. 7).

16 Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 6 Meán Fómhair 2012 i gCás C-490/10, an Pharlaimint v an Chomhairle, ECLI:EU:C:2012:525

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |